Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

# Léachtóir le Gaeilge (An Léann Ceilteach)

## Lánaimseartha, Buan, 1 FTE

## Conradh B

## Tag #: 010998



# CLÁR ÁBHAR


| | Uimhir an Leathanaigh |
|---|---|
| Fógra Poist | 4 |
| Sonraíocht an Phoist | 6 |
| Riachtanais Incháilitheachta | 8 |
| Creat Inniúlachta do róil Léachtóra in Ollscoil na Gaillimhe | 10 |



| | |
|---|---|
| **Aonad** | Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh<br>Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr |
| **Teideal Poist & Réimse Ábhair** | Léachtóir le Gaeilge (An Léann Ceilteach) |
| **An Fad a Mhairfidh an Post** | Lánaimseartha Buan |
| **Leibhéal** | Léachtóir (Conradh B) |
| **Ag tuairisciú do** | Ceann Scoile; Ceann Roinn na Gaeilge |

**FÓGRA POIST**

Fáilteofar roimh iarratais do cheapachán mar Léachtóir le Gaeilge (An Léann Ceilteach), lánaimseartha agus buan, 1 FTE in Ollscoil na Gaillimhe, ag tosú 1 Lúnasa 2025 nó chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin. Beidh an duine a cheapfar ina chomhalta de Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr.

Roinn bhisiúil í Roinn na Gaeilge atá tiomanta don sármhaitheas sa teagasc agus sa taighde i réimsí éagsúla de Léann na Gaeilge ó luath-thréimhse go dtí an ré chomhaimseartha. Tá scoláire cumasach, fuinniúil le saineolas sa Léann Ceilteach agus/nó i Léann na Gaeilge á lorg. Cuirfidh an té a cheapfar le cláir theagaisc agus thaighde na Roinne, idir chláir Ghaeilge agus chláir idirdhisciplíneacha i gcomhpháirt le comhghleacaithe san Ollscoil. Tacóidh teagasc agus taighde an té a cheapfar le cáil na hOllscoile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus le cur i bhfeidhm straitéis Roinn na Gaeilge mar a bhfuil béim ar na mórthéamaí seo a leanas: an chruthaitheacht; an inbhuanaitheacht; an chomhpháirtíocht. Chuige sin:

- Beidh dochtúireacht sa Ghaeilge, nó sa tSean-Ghaeilge, nó sa Léann Ceilteach, nó i réimse comhionann ag an té a cheapfar.
- Beidh an té a cheapfar in ann gnéithe den Léann Ceilteach a theagasc i réimsí taobh amuigh dá speisialtóireachtaí féin.
- Beidh ar chumas an té a cheapfar teanga agus/nó litríocht na Sean-Ghaeilge a theagasc ag leibhéal fochéime agus iarchéime.
- Beidh an té a cheapfar in ann mic léinn iarchéime a stiúradh sa Ghaeilge nó sa Léann Ceilteach, cláir nua theagaisc agus tograí nua taighde a fhorbairt, agus gnáthobair riaracháin a bhaineann leis an ábhar agus le Roinn na Gaeilge a chomhlíonadh.
- Beidh an duine a cheapfar in ann dualgais uile an phoist a chomhlíonadh i nGaeilge agus i mBéarla.
- Beidh an duine inniúil i nGaeilge scríofa agus labhartha ag leibhéal C2 ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR), maraon le tiomantas don Ghaeilge. Beidh ar iarrthóirí measúnú Gaeilge a dhéanamh agus tá sé beartaithe go mbeidh siad ar siúl ar an 22 Bealtaine.

Tá eolas faoi Phlean Straitéiseach na hOllscoile le fáil ag: [Strategy | Straitéis 2020-2025 - Ollscoil na Gaillimhe]

Chun an folúntas a phlé go neamhfhoirmiúil, déan teagmháil leis an Ollamh Ríóna Ní Fhrighil, Ceann Roinn na Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe.

Ríomhphost riona.nifhrighil@ollscoilnagaillimhe.ie +353 (0)91 492585

**Tuarastal:**

**€ 63,624 to 101,498 (infheidhme maidir le hiontrálaithe nua le héifeacht ó Eanáir 2011) agus de réir théarmaí agus choinníollacha Pholasaí Luacha Saothair na hOllscoile. https://www.universityofgalway.ie/media/financialaccounting/financialaccountingoffice/QA 321-Remuneration-and-Payroll.pdf (Déanfar an ceapachán seo ar an scála Léachtóir faoi réir pholasaí reatha pá an Rialtais**

**Ní mór iarratais a bheith faighte faoi 17:00 (Am na hÉireann) an 9 Bealtaine 2025. Ní fhéadfar iarratais a gheofar tar éis an spriocdháta a bhreithniú.**

**D'fhéadfadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith le déanamh.**

**Beidh ceapacháin ag brath ar údarú oibre a bheith bailí.**

**Tá tuilleadh sonraí le fáil ar www.dbei.ie**

**Chun tuilleadh eolais agus Foirm Iarratais a fháil, féach ar an láithreán gréasáin:**

Poist - Ollscoil na Gaillimhe **Ba cheart iarratais a dhéanamh ar líne**.

Tabhair faoi deara go mbraithfidh ceapachán i bpoist atá fógartha ar fhaomhadh ón Ollscoil, agus ar théarmaí an Chreata um Rialú Fostaíochta don earnáil ardoideachais.

Is fostóir comhionannais deiseanna í Ollscoil na Gaillimhe.

**SONRAÍOCHT AN PHOIST**

**Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí**

Cuireann Roinn na Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe, cláir fhochéime agus cláir iarchéime i Léann na Gaeilge ar fáil i gColáiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh. Bíonn gnéithe éagsúla de Léann na Gaeilge ón luath-thréimhse go dtí an ré chomhaimseartha á dteagasc ag baill na Roinne. Chomh maith leis sin, cuireann foireann Roinn na Gaeilge an tSibhialtacht Cheilteach ar fáil mar ábhar. Bíonn teagasc idirdhisciplíneach ar siúl ag baill na Roinne ag leibhéal fochéime agus ag leibhéal iarchéime.

Is Roinn an-bhisiúil í Roinn na Gaeilge ó thaobh an taighde de, agus tá breis is dhá chéad foilseachán piarmheasta d'ardchaighdeán ag baill na Roinne. Tá éagsúlacht agus idirdhisciplíneachas ag baint le réimsí taighde na Roinne. Déanfaidh an té a cheapfar an Léann Ceilteach a fhorbairt mar réimse léinn ag leibhéal fochéime agus iarchéime. I bpáirt le baill eile na Roinne, tacóidh teagasc agus taighde an té a cheapfar le cur i bhfeidhm straitéis Roinn na Gaeilge mar a bhfuil béim ar na mórthéamaí seo a leanas: an chruthaitheacht; an inbhuanaitheacht; an chomhpháirtíocht. Cuimseoidh príomhdhualgais an té a cheapfar na nithe seo a leanas ach ní gá go mbeidís teoranta dóibh:

- **Teagasc agus Measúnú (Ranganna Teagaisc, Léiriú, Léachtóireacht, Scrúdúchán)**

Tacú le teagasc agus le measúnú Léann na Gaeilge, lena n-áirítear teanga, litríocht agus cultúr, ar chláir fhochéime agus iarchéime.

Ceannasaíocht a léiriú i bhforbairt an Léinn Cheiltigh ag leibhéal fochéime agus iarchéime.

Comhoibriú le comhghleacaithe sa Roinn agus lasmuigh di le cláir idirdhisciplíneacha theagaisc a fhorbairt agus a chur ar fáil.

Feabhas agus nuálacht sa teagasc agus sa mheasúnú a chur chun cinn.

Bheith ar fáil le comhairle acadúil a chur ar mhic léinn.

- **Taighde (Foilseacháin, Iarratais ar Dheontais/Dámhachtainí, mic léinn PhD)**

Fís don Léann Ceilteach a fhorbairt i bpáirt le comhghleacaithe san ábhar agus clár taighde pearsanta uaillmhianach a leagan amach dá réir.

Torthaí taighde a chur i láthair pobal éagsúil agus a fhoilsiú.

Comhoibriú le saineolaithe eile san Ollscoil agus lasmuigh di, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, le Léann na Gaeilge agus an Léann Ceilteach a chur chun cinn.

Páirt a ghlacadh in imeachtaí taighde: comhdhálacha, seimineáir thaighde, agus mar sin de.

Taighde iarchéime a stiúradh.

Feidhmiú mar bhall de choistí taighde iarchéime i gColáiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh.

Tograí taighde agus iarratais ar mhaoiniú a bheartú agus a fhorbairt a chuirfidh an Roinn chun cinn agus a chuirfidh le clár taighde na gcomhaltaí foirne i Roinn na Gaeilge agus i gColáiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh.

Tacú le tosaíochtaí straitéise Roinn na Gaeilge ó thaobh an taighde de.

- **Riarachán (Cúrsaí Riaracháin, Bainistithe agus Eile)**

Dualgais ghinearálta riaracháin agus chomhordaithe na Roinne agus an ábhair a chomhlíonadh.

Dualgais riaracháin eile an Choláiste agus na hOllscoile a chomhlíonadh.

Ballraíocht coistí de réir mar a shocraíonn an Ceann Scoile nó Ceann Roinne.

- **Obair ar mhaithe leis an bPobal**

Tacú le cur chun cinn na Gaeilge, Léann na Gaeilge agus an Léinn Cheiltigh laistigh den Ollscoil agus in abhantracht na hOllscoile, go mór mór sa Ghaeltacht.

Tacú le cur chun cinn Léann na Gaeilge agus an Léinn Cheiltigh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Páirt ghníomhach a ghlacadh in imeachtaí Roinn na Gaeilge lena n-áirítear Laethanta Oscailte, cuairteanna scoile, An Chomhdháil ar Litríocht agus ar Chultúr na Gaeilge, seimineáir thaighde agus imeachtaí acadúla eile.

- **Eile**

Dualgais eile a chomhlíonadh mar is gá ó am go ham chun teacht le riachtanais na Roinne agus an ábhair.

Beidh na dualgais teagaisc, taighde agus riaracháin a chomhlíonadh, faoi stiúir Cheann Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr i bpáirt le Ceann Roinn na Gaeilge, agus faoi cheannaireacht acadúil Ollamh Bunaithe na Gaeilge.

**RIACHTANAIS INCHÁILITHEACHTA**

**Critéir Riachtanacha:**

- PhD sa Ghaeilge, nó sa tSean-Ghaeilge, nó sa Léann Ceilteach, nó i réimse comhionann.
- Taithí ar réimsí den Léann Ceilteach agus/nó de Léann na Gaeilge a theagasc ag leibhéal ollscoile.
- Cumas teanga agus/nó litríocht na Sean-Ghaeilge a theagasc ag leibhéal fochéime agus iarchéime.
- Taithí mhaith ar thaighde a dhéanamh i Léann na Gaeilge agus/nó sa Léann Ceilteach agus ar an taighde sin a fhoilsiú i bhfoilseacháin phiarmheasta.
- Fís d'fhorbairt agus do chur chun cinn an Léinn Cheiltigh mar shainréimse teagaisc agus taighde in Ollscoil na Gaillimhe.
- Cruthúnas ar chomhoibriú éifeachtach le comhghleacaithe agus/nó le páirtithe leasmhara chun Léann na Gaeilge nó an Léann Ceilteach a chur chun cinn.
- Bheith inniúil i nGaeilge scríofa agus labhartha ag leibhéal C2 ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR), maraon le tiomantas don Ghaeilge

**Critéir Inmhianaithe:**

- Taithí ar iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú agus ar mhaoiniú a fháil do thograí taighde.
- Taithí ar an teagasc ar líne agus/nó ar an bhfoghlaim chumaisc.

Bainfear úsáid as na critéir thuas chun iarrthóirí a chur ar ghearrliosta agus a roghnú le haghaidh agallaimh.

Is i Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr a dhéanfar an ceapachán ach beidh sé bainteach le disciplín na Gaeilge.

**Aguisín 2:** Creat Inniúlachta do Róil Léachtóirí (B) in Ollscoil na Gaillimhe

| | Barr Feabhais Acadúil | | Sárchaighdeán Ceannaireachta | | Sárchaighdeán Eagrúcháin |
|---|---|---|---|---|---|
| **CROÍCHRITÉIR** | • **Sárchaighdeán Taighde**<br><br>*Cuirfidh an Léachtóir (Conradh B) lena d(h)isciplín agus cuirfidh sé/sí leis an eolas ina réimse trína t(h)aighde ardchaighdeáin féin a phleanáil, a dhéanamh agus a fhoilsiú/a scaipeadh, grúpaí taighde a chur le chéile agus a stiúradh, agus stiúradh agus tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn iarchéime chun cur ar a gcumas taighde ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Fanann sé/sí chun dáta le forbairtí a bhaineann le hábhar ina réimse féin agus bíonn sé/sí i mbun comhoibrithe le daoine eile, laistigh den Ollscoil agus lasmuigh di, chun cur le luach agus le hábharthacht an taighde atá á dhéanamh agus chun go mbeidh an Scoil/an Disciplín ábalta oiread maoiniú taighde agus is féidir a mhealladh.* | **CROÍCHRITÉIR** | • **Éifeachtacht Phearsanta**<br>*Beidh an Léachtóir (Conradh B) díograiseach faoina d(h)isciplín agus beidh sé/sí meáite ar an obair phearsanta is fearr a dhéanamh trí ardscileanna pleanála, eagrúcháin, cumarsáide agus cinnteoireachta a úsáid chun a spriocanna a bhaint amach agus trí oibriú go crua agus a bheith solúbtha d'fhonn freastal ar na héilimh éagsúla agus athraitheacha a bhaineann le ról an Léachtóra (Conradh B).* | **CUMAS FORBARTHA** | • **Straitéis & Fís**<br><br>*Ba chóir don Léachtóir (Conradh B) cur le forbairt straitéiseach an disciplín trí eolas maith a chur ar an timpeallacht trí chéile, an chaoi a bhfuil an disciplín ag forbairt agus an chaoi ar féidir an Scoil/an Disciplín a fhorbairt go fadtéarmach chun go mbainfear an leas is fearr as an obair atá ar siúl aici/aige. Ní mór go mbeadh an cumas ann/inti cás láidir a dhéanamh d'fhorbairt clár nua nó a bheith rannpháirteach i gcomhchláir nó i gcomhoibrithe a mheasann sé/sí a chuirfidh le luach fadtréimhseach na Scoile/an Disciplín.* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **CROÍCHRITÉIR** | • **Sárchaighdeán Teagaisc**<br><br>*Déanfaidh an Léachtóir (Conradh B) cláir theagaisc ardchaighdeáin a fhorbairt agus a chur ar fáil a spreagfaidh mic léinn ar gach leibhéal agus a chuirfidh ar a gcumas an tairbhe is fearr a bhaint as a gcuid foghlama. Beidh muinín aige/aici agus é/í ag úsáid réimse teicnící teagaisc, fáilteoidh sé/sí roimh nuálaíochtaí sa teagasc agus beidh sé/sí dírithe ar a c(h)uid scileanna teagaisc féin a fhorbairt ar bhonn leanúnach.* | **CUMAS FORBARTHA** | • **Ceannaireacht ar dhaoine eile**<br><br>*Ní mór don Léachtóir (Conradh B) a bheith in ann oibriú go maith le daoine eile, ceannaireacht agus treoir a chur ar fáil do mhic léinn, do chomhghleacaithe agus don fhoireann tacaíochta maidir le tionscadail nó réimsí oibre a bhfuil sé/sí ina c(h)eannaire orthu. Spreagfaidh sé/sí daoine eile chun oibre, tacóidh sé/sí leis an obair sin agus déanfaidh sé/sí í a bhainistiú chun go mbainfear torthaí amach don disciplín agus chun a chinntiú go mbainfear ardchaighdeáin amach.* | **AG FORBAIRT** | • **Obair ar mhaithe leis an gColáiste & an Pobal**<br><br>*Beidh meas ag an Léachtóir (Conradh B) ar an gcur chuige coláisteach agus tabharfaidh sé/sí faoi agus é/í ag obair le daoine eile, laistigh dá d(h)isciplín féin, den scoil agus den ollscoil agus sa phobal i gcoitinne. Déanfaidh sé/sí iarracht ghníomhach líonraí éifeachtacha a bhunú agus beidh sé/sí toilteanach a c(h)uid ama agus saineolais a chur ar fáil do réimse tionscadal ollscoile nó pobail níos leithne.* |

## Inniúlachtaí do Léachtóir (Conradh B) in Ollscoil na Gaillimhe

### <u>SÁRCHAIGHDEÁN ACADÚIL</u>

***Inniúlacht 1: Sárchaighdeán Taighde***

**Cuirfidh an Léachtóir (Conradh B) lena d(h)isciplín agus cuirfidh sé/sí leis an eolas ina réimse trína t(h)aighde ardchaighdeáin féin a phleanáil, a dhéanamh agus a fhoilsiú/a scaipeadh, grúpaí taighde a chur le chéile agus a stiúradh, agus stiúradh agus tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn iarchéime chun cur ar a gcumas taighde ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Fanann sé/sí chun dáta le forbairtí a bhaineann le hábhar ina réimse féin agus bíonn sé/sí i mbun comhoibrithe le daoine eile, laistigh den Ollscoil agus lasmuigh di, chun cur le luach agus le hábharthacht an taighde atá á dhéanamh agus chun go mbeidh an Scoil/an Disciplín ábalta oiread maoiniú taighde agus is féidir a mhealladh.**

- Tugann sé/sí faoi thaighde ar ardchaighdeán a chuireann an Scoil/an Disciplín chun cinn.
- Foilsíonn sé/sí taighde go minic in iriseáin phiarmheasúnaithe, ar ardchaighdeán agus cuireann sé/sí taighde i láthair ag comhdhálacha ardphróifíle
- Cruthaíonn sé/sí naisc agus líonraí comhoibríocha le heagraíochtaí eile agus coinníonn sé/sí cothrom le dáta le taighde ina réimse féin agus leis an méid atá ag tarlú sa phobal taighde idirnáisiúnta
- Freastalaíonn sé/sí ar chomhdhálacha ábhartha, agus oibríonn sé/sí leis an tionscal agus le comhlachtaí seachtracha ábhartha eile chun an taighde a choinneáil ábhartha
- Scríobhann sé/sí tograí láidre taighde agus deontais a dhíolann an luach agus na sochair phoitéinsiúla a bhaineann le píosa taighde

- Déanann sé/sí taighde a phleanáil go héifeachtach agus is féidir leis/léi an t-am agus na hacmhainní a theastóidh chun é a chur i gcrích a mheas, agus é a chur i gcrích faoi spriocdháta ar leith
- Cuireann sé/sí stiúradh agus treoir ar ardchaighdeán ar fáil maidir le taighde mic léinn fochéime agus iarchéime, á spreagadh agus á ngríosú chun cabhrú le teacht i dtír ar fhadhbanna

*Inniúlacht 2: Sárchaighdeán Teagaisc*

**Déanfaidh an Léachtóir (Conradh B) cláir theagaisc ardchaighdeáin a fhorbairt agus a chur ar fáil a spreagfaidh mic léinn ar gach leibhéal agus a chuirfidh ar a gcumas an tairbhe is fearr a bhaint as a gcuid foghlama. Beidh muinín aige/aici agus é/í ag úsáid réimse teicnící teagaisc, fáilteoidh sé/sí roimh nuálaíochtaí sa teagasc agus beidh sé/sí dírithe ar a c(h)uid scileanna teagaisc féin a fhorbairt ar bhonn leanúnach.**

- Cuireann sé/sí caighdeán ard teagaisc ar fáil do mhic léinn i gcláir éagsúla sa disciplín ina bhfuil sé/sí
- Cuireann sé/sí meantóireacht agus stiúradh ar fáil do mhic léinn PhD / tionscadail / cláir de réir mar is gá
- Bíonn sé/sí i mbun ceannaireachta/ag obair ar fhorbairt agus ar athbhreithniú an churaclaim agus na gclár a chuirtear ar fáil agus spreagann sé/sí comhaltaí eile foirne a bheith páirteach
- Tá sé/sí muiníneach i dteagasc grúpaí éagsúla mac léinn ar leibhéil éagsúla
- Tá sé/sí cumasach agus comhsheasmhach maidir le marcáil scrúduithe a shocrú agus a eagrú/a chomhordú
- Léiríonn sé/sí, trína c(h)uid teagaisc, go bhfuil sé/sí an-díograiseach faoina (h)ábhar féin agus go bhfuil saineolas agus an t-eolas is úire aige/aici faoina réimse féin
- Tá sé/sí cumasach i réimse modhanna agus straitéisí teagaisc agus tá sé/sí toilteanach measúnú agus forbairt leanúnach a dhéanamh ar a c(h)uid modhanna agus scileanna teagaisc, agus bealaí níos fearr teagaisc a chuardach
- Tá sé/sí oscailte do nuálaíocht teicneolaíochta a úsáid mar chuid den teagasc agus fanann sé/sí cothrom le dáta le forbairtí sa réimse seo
- Cuireann sé/sí eagar agus struchtúr ar a c(h)uid teagaisc chun cabhrú leis an mac léinn oiread agus is féidir a fhoghlaim agus chun a chinntiú go mbeidh dea-thaithí ag an mac léinn
- Coinníonn sé/sí suim na mac léinn trí thaighde agus ábhair reatha a úsáid sa teagasc agus trína t(h)eagasc a bhunú ar a bhfuil ag tarlú sa phobal níos leithne agus trí ionchur seachtrach a chur san áireamh
- Léiríonn sé/sí tiomantas do mhic léinn agus cuireann sé/sí an t-am agus an iarracht isteach i ndéileáil le mic léinn agus a bheith ar fáil dóibh
- Tá an cumas ann/inti aiseolas agus comhairle chuiditheach agus thráthúil a chur ar fáil do mhic léinn
- Éiríonn leis/léi cothromaíocht a bhaint amach idir bá do mhic léinn agus béim ar chomhsheasmhacht agus ar chothromas sa chaoi a gcaitear leo
- Tomhaiseann sé/sí cláir theagaisc i gcoinne clár in ollscoileanna eile agus déanann sé/sí iarracht a chinntiú go mbíonn caighdeán ard ag baint leo

- Oibríonn sé/sí le mic léinn chun bradaíl a chosc, agus cuireann sé/sí córais i bhfeidhm chun bradaíl a aimsiú agus a bhainistiú

## SÁRCHAIGHDEÁN CEANNAIREACHTA

*Inniúlacht 3: Éifeachtacht Phearsanta*

**Tá an Léachtóir (Conradh B) díograiseach faoina d(h)isciplín agus tá sé/sí meáite ar an obair phearsanta is fearr a dhéanamh trí ardscileanna pleanála, eagrúcháin, cumarsáide agus cinnteoireachta a úsáid chun a spriocanna a bhaint amach agus trí oibriú go crua agus a bheith solúbtha d'fhonn freastal ar na héilimh éagsúla agus athraitheacha a bhaineann le ról an Léachtóra (Conradh B).**

- Léiríonn sé/sí sárscileanna pleanála, eagrúcháin agus beartaithe tosaíochta, chun teacht go héifeachtach le spriocdhátaí agus chun ardchaighdeáin a chur ar fáil i réimsí an teagaisc, an taighde agus an riaracháin
- Tá scileanna maithe bainistíochta ama aige/aici chun dul i ngleic le hualach mór oibre
- Léiríonn sé/sí tiomantas soiléir agus tá sé/sí toilteanach oibriú go crua chun a réimse féin a chur chun cinn.
- Tá cur chuige machnamhach aige/aici i leith a c(h)uid oibre féin agus is féidir leis/léi athbhreithniú seasta a dhéanamh le cinntiú go bhfuil an obair ar an gcaighdeán is airde is féidir
- Tá sé/sí gníomhach maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chórais agus ar phróisis ionas go mbeidh an méid is mó ama ar fáil do thaighde agus do theagasc
- Tá sé/sí solúbtha agus inoiriúnaithe maidir le bainistiú a dhéanamh ar éilimh iomaíocha ach ag an am céanna ag cosaint croí-luachanna
- Léiríonn sé/sí tiomantas láidir do choinneáil cothrom le dáta le hinniúlacht ghairmiúil
- Tá sé/sí láidir agus dearfach i dtimpeallacht dhúshlánach agus lán le brú
- Glacann sé/sí cur chuige cothrom i leith éilimh an róil agus tá sé/sí solúbtha ó thaobh an méid atá i gceist leis an ról
- Tuigeann sé/sí an tábhacht a bhaineann le bainistiú buiséid agus cistí cláir a shaothrú, agus is féidir leis/léi eolas airgeadais a fháil agus tuairisciú ar ais ar chúrsaí airgeadais

*Inniúlacht 4: Ceannaireacht ar dhaoine eile*

**Ní mór don Léachtóir (Conradh B) cumas chun scileanna a fhorbairt a léiriú, a bheith in ann oibriú go maith le daoine eile, ceannaireacht agus treoir a chur ar fáil do mhic léinn, do chomhghleacaithe agus don fhoireann tacaíochta maidir le tionscadail nó réimsí oibre a bhfuil sé/sí mar cheannaire orthu. Spreagfaidh sé/sí daoine eile chun oibre, tacóidh sé/sí leis an obair sin agus déanfaidh sé/sí í a bhainistiú chun go mbainfear torthaí amach don disciplín agus chun a chinntiú go mbainfear ardchaighdeáin amach.**

- Oibríonn sé/sí laistigh de chomhstruchtúr comhoibríoch
- Oibríonn sé/sí go seasta le daoine eile chun caighdeáin arda a chinntiú i ngach gné den ról
- Tá sé/sí in ann an toradh is fearr a fháil ó dhaoine agus a dtacaíocht agus a gcomhoibriú a fháil maidir le hobair atá á stiúradh/á bainistiú acu
- Tugann sé/sí treoracha soiléire maidir leis an obair a bhfuiltear ag súil leis ó dhaoine eile
- Tá an cumas ann/inti daoine eile a bhainistiú agus a spreagadh le torthaí a chur ar fáil

- Tacaíonn sé/sí go gníomhach le forbairt gairme mac léinn iarchéime agus comhghleacaithe nua
- Eagraíonn agus roinneann sé/sí obair ar bhealach comhsheasmhach agus cothrom agus baineann sé/sí an úsáid is fearr as acmhainní
- Tuigeann sé/sí an tábhacht a bhaineann le mic léinn, foireann tacaíochta agus comhghleacaithe a spreagadh agus tá réimse straitéisí aige/aici chun é seo a bhaint amach
- Glacann sé/sí air/uirthi féin smaointe maithe a chur i bhfeidhm

## SÁRCHAIGHDEÁN EAGRÚCHÁIN

*Inniúlacht 5: Obair ar mhaithe leis an gColáiste agus an Pobal*

**Beidh meas ag an Léachtóir (Conradh B) ar an gcur chuige coláisteach agus tabharfaidh sé/sí faoi agus é/í ag obair le daoine eile, laistigh dá d(h)isciplín féin, den scoil agus den ollscoil agus sa phobal i gcoitinne. Déanfaidh sé/sí iarracht ghníomhach líonraí éifeachtacha a bhunú agus beidh sé/sí toilteanach a c(h)uid ama agus saineolais a chur ar fáil do réimse tionscadal ollscoile nó pobail níos leithne.**

- Oibríonn sé/sí go gníomhach chun líonraí láidre a bhunú taobh istigh den Ollscoil agus taobh amuigh di, mar aon le naisc le hoibriú i gcomhar le daoine eile
- Glacann sé/sí páirt i ngrúpaí oibre trasdisciplín agus glacann sé/sí le róil in institiúidí/gníomhaireachtaí seachtracha (tar éis dó/di faomhadh cuí a fháil ón Ollscoil).
- Bíonn sé/sí sásta am a chaitheamh ag cothú dea-chaidreamh oibre le daoine eile agus pléann sé/sí le gach duine go cothrom agus le meas
- Glacann sé/sí le róil agus tascanna riaracháin/eagrúcháin lena chinntiú go bhfeidhmíonn an Scoil/Disciplín mar is ceart.
- Feidhmíonn sé/sí mar chathaoirleach ar choistí nó mar ionadaí ag leibhéal scoile/coláiste/ollscoile agus oibríonn sé/sí chun na scileanna a theastaíonn leis na róil seo a chomhlíonadh go héifeachtach a fhorbairt
- Déanann sé/sí iarracht dearcaí agus tuairimí daoine éagsúla a thuiscint agus a chur san áireamh
- Oibríonn sé/sí ar choistí éagsúla lasmuigh den ollscoil, oibríonn sé/sí ar mhaithe leis an bpobal áitiúil agus eagraíochtaí deonacha
- Spreagann sé/sí mic léinn a bheith páirteach i ngrúpaí seachtracha ábhartha chomh maith, nuair is cuí
- Tugann sé/sí tacaíocht do chomhghleacaithe eile go hinmheánach agus le hollscoileanna eile chun comhfhiontair/comhchláir a chur ar siúl
- Bíonn na scileanna idirbheartaíochta aige/aici a theastaíonn chun cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais acadúla na hollscoile agus riachtanais comhlachtaí seachtracha a d’fhéadfadh a bheith in iomaíocht le chéile

*Inniúlacht 6: Straitéis agus Fís*

**Ba chóir don Léachtóir (Conradh B) a léiriú go bhfuil an cumas ann/inti chun scileanna agus inniúlacht a fhorbairt chun cur le forbairt straitéiseach an disciplín trí fheasacht láidir ar an timpeallacht níos leithne a fhorbairt, conas atá an disciplín ag forbairt agus conas is féidir leis an Scoil/an Disciplín forbairt san fhadtréimhse chun an obair atá ar siúl a uasmhéadú. Ní mór go mbeadh an cumas ann/inti cás láidir a dhéanamh le cláir nua a fhorbairt nó a bheith rannpháirteach i gcomhchláir nó i gcomhthionscadail a mheasann sé/sí a chuirfidh le luach fadtréimhseach na Scoile/an Disciplín.**

- Tá fís shoiléir iomlán aige/aici don mhéid atá an Scoil/Disciplín ag iarraidh a bhaint amach agus mar a fheileann a c(h)uid oibre don treo iomlán
- Tá tuiscint aige/aici ar an gcaoi a bhfuil an disciplín ag forbairt agus cuireann sé/sí é seo i bhfeidhm ar a c(h)uid oibre
- Glacann sé air/uirthi féin comparáid a dhéanamh le heagraíochtaí eile agus glacann sé/sí le deiseanna eile chun cur lena t(h)uiscint ar an gcleachtas is fearr sa chóras trí chéile
- Tá eolas aige/aici ar cén taighde atá ar siúl ina réimse féin agus cén cineál taighde a mheallfaidh maoiniú ó fhoinsí eile
- Aithníonn sé/sí deiseanna do mhodúil agus do chláir nua trí mheasúnú a dhéanamh ar céard a bheidh inmharthana agus a choinneoidh spéis na ndaoine san fhadtréimhse
- Baineann sé/sí úsáid as breithiúnas chun cás áititheach a chur le chéile agus a dhíol d'acmhainní/cláir nua thar ceann a réimse/c(h)oláiste
- Cruthaíonn sé/sí agus baineann sé/sí tairbhe as deiseanna chun margaíocht a dhéanamh ar chláir chun mic léinn iarchéime ardchaighdeáin a mhealladh
- Tá sé/sí in ann idirbheartaíocht a dhéanamh do réimse agus ag an am céanna ag aithint na réaltachtaí agus na srianta acmhainní agus tá sé/sí toilteanach athrú chun riachtanais sa todhchaí a shásamh